Ruairí Mac Easmainn
1864-1916

Seo an mhias as ar ith an tírghráthóir agus an trodaí idirnáisiúnta ar son cearta daonna Ruairí Mac Easmainn a bhéilí ar an 17ú agus ar an 18 ú Iúil, 1916, le linn a achomhairc os comhair Cúirt Achomharc Choiriúil Shasana.

Ba iad a chol ceathracha dílís, Gertrude agus Elizabeth Bannister, a thug na béilí chun na cúirte as teach tábhairne an 'Seven Stars'. Crochadh Ruairí Mac Easmainn i bpriosún Pentonville de bharr a ard-dhílseachta d'Éirinn ar an 3 ú Lúnasa, 1916.

Athadhlacadh é i Reilig Ghlas Naoín i mBaile Átha Cliath tar éis Socraid Stáit ar ar fhreastail an tUachtarán, Eamon de Valera, agus maithe móra eile ar an 1ú Marta, 1965.

Bhí an mhias seo i seilbh, John Boland agus Proinsias Mac Aonghusa ó na Seascaidí ar aghaidh agus b'iad a bhronn ar Ghaelscoil Mhic Easmainn í, ar an Domhnach, 25 ú Deireadh Fomhair 1998, le linn an Oireachtais a bheith ar siúl sa bhaile.